

North South Ministerial Council
Joint Secretariat



An Chomhairle Aireachta
Thuaidh Theas
An Chomhrúnaíocht

CATT - PÁIPÉAR 1 (14) CR

AN CHOMHAIRLE AIREACHTA THUAIDH THEAS

AN tOCHTÚ CRUINIÚ IOMLÁNACH DHÉAG

CAISLEÁN BHAILE ÁTHA CLIATH

3 DEIREADH FÓMHAIR 2014

COMHRÁITEAS

1. Tionóladh an tOchtú Cruinniú Iomlánach Dhéag den Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas (CATT) i gCaisleán Bhaile Átha Cliath, Baile Átha Cliath an 3 Deireadh Fómhair 2014.
2. Ba é an Taoiseach, Éanna Ó Coinnigh TD a bhí i gceannas ar Rialtas na hÉireann agus a bhí ina chathaoirleach ar an gcruinniú. Ba iad an Chéad-Aire, an Ró-Onórach Peter Robinson MLA agus an LeasChéad-Aire, Martin McGuinness MLA a bhí i gceannas ar Fheidhmeannacht Thuaisceart Éireann.

Tá liosta iomlán de chomhaltaí an dá thoscaireacht i gceangal leis seo mar larscríbhinn.

CÚRSAÍ AIRGEADAIS AGUS GEILLEAGRACHA

3. Pléadh cúrsaí fostaíochta sa dá dhlínse mar aon le bearta chun cruthú post a spreagadh. Áiríodh orthu seo pléití ar ghníomhartha chun naisc thrádála a bhunú le margaí atá i mbun forbartha, infheistíocht dhíreach choigríche a mhealladh agus saincheisteanna i ndáil le baincéireacht, go háirithe iasachtaí d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide. D'fháiltigh na hAirí roimh an dul chun cinn atá déanta ó thaobh punann GNBS i dTuaisceart Éireann a dhiúscairt. Rinne na hAirí plé chomh maith ar na dúshláin gheilleagracha agus bhuiséadacha atá roimh an dá rialtas agus ar bearta arb é is aidhm dóibh geilleagar Thuaisceart Éireann a athchothromú.
4. D'fháiltigh na hAirí roimh an rath a bhí ar an Giro d'Italia, an rás rothaíochta a craoladh ar fud an domhain. Thug na hAirí dá n-aire chomh maith na deiseanna turasoíreachta agus trádála a eascraíonn as imeachtaí uile-oileáin a óstáil agus chomhaontaigh siad leanúint den chomhoibriú maidir le comhthairiscint do Chorn Domhanda Rugbaí 2023.

NITHE A BHAINNEANN LE AE

5. Tugadh tuairisc chun dáta do na hAirí ar an gcor reatha maidir le Cláir INTERREG IVA agus PEACE III. Tá an dá Chlár seo go hiomlán tiomanta agus is é an dúshlán a bheidh rompu caiteachas iomlán a chinntiú faoi dheireadh 2015.
6. Pléadh an dul chun cinn atá déanta i ndáil le forbairt na gclár nua, INTERREG V agus PEACE IV, don tréimhse 2014 – 2020. Thug an Chomhairle dá haire gur cuireadh na dréachtchláir faoi bhráid Choimisiún AE faoin spriocdháta, an 22 Meán Fómhair 2014.

7. Thug na hAirí dá n-aire roinnt clár nua eile ón Eoraip a bhféadfaidh deiseanna eascairt astu le haghaidh comhoibriú chun íostarraingt maoinithe ó AE don oileán a uasmhéadú agus chomhaontaigh siad gur chóir tuilleadh scrúdaithe a dhéanamh orthu seo.
8. Rinne na hAirí athbhreithniú ar fhorbairtí eile a bhaineann le AE chomh maith.

TOSAÍOCHTAÍ EARNÁLA

9. Thug an Chomhairle dá haire go bhfuil pléití déanta anois ar Thosaíochtaí Earnála tar éis na gcinntí a rinneadh ag an gCruinniú Iomlánach deiridh de chuid CATT i mí na Samhna, 2013 agus ag an gCruinniú Institiúideach deiridh de chuid CATT i mí Eanáir, 2014. Díriodh sna pléití seo ar iarrachtaí chun tacú leis an téarnamh eacnamaíoch agus le cruthú post, á chinntiú go mbainfí an úsáid ab fhearr as cistí poiblí agus go seachadfaí seirbhísí ar shaoránaigh sa tslí ab éifeachtaí.
10. Chomhaontaigh na hAirí gurbh úsáideach athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn agus deiseanna a shainaithint faoi na cláir oibre chomhaontaithe a bhí ann cheana féin, agus thug siad dá n-aire go ndéanfar tuarascáil ar thosaíochtaí eile a saináithníodh le linn na bpléití Aireachta a thabhairt go dtí an chéad Chruinniú Institiúideach eile de chuid CATT.

TIONSCNAMH NA TAIRÍS THUAR THUAIDH

11. Thug na hAirí dá n-aire críochnú an phróisis comhairliúcháin a seoladh leis na geallsealbhóirí réigiúnacha ab iomchuí maidir le Tionscnamh na Tairsí Thiar Thuaidh.
12. Thug an Chomhairle dá haire chomh maith tuairimí gheallsealbhóirí réigiúnacha Thionscnamh na Tairsí Thiar Thuaidh, agus tosaíochtaí do réigiún an Iarthuaiscirt, lena n-áirítear an mhian atá ann díriú straitéiseach anuaite neartaithe a chruthú a mbeidh an dá Rialtas ag tacú leis.
13. Chomhaontaigh na hAirí gur chóir tuilleadh comhairliúcháin a dhéanamh le Ranna Rialtais iomchuí maidir leis na saincheisteanna a saináithníodh le linn an phróisis comhairliúcháin.

14. D'athdhearbhaigh an Chomhairle chomh maith go bhfuil sí tiomanta do chruinniú amach anseo idir Airí agus oifigigh san Iarthuaisceart chun breithniú a dhéanamh ar bhealaí straitéiseacha chun tabhairt faoi fhorbairt sa réigiún.

TUARASCÁIL NA gCOMHRÚNAITHE AR DHUL CHUN CINN

15. Thug an Chomhairle dá haire an Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn a d'ullmhaigh Comhrúnaithe CATT maidir le hobair na gComhlachtaí Thuaidh Theas agus maidir leis na réimsí eile de chuid CATT a bhaineann le comhoibriú agus d'fháiltigh sí roimh na príomhfhorbairtí seo a leanas:

- Táthar ag leanúint den chomhoibriú maidir le Pleanáil Iompair Straitéiseach ar fud an oileáin. Sainithníodh deiseanna le haghaidh tuilleadh comhoibrithe sna réimsí seo a leanas:
 - gréasán bóithre straitéiseach an oileáin a fhorbairt;
 - naisc le Iarthuaisceart an oileáin a fheabhsú;
 - feabhsú na Seirbhíse Fiontraíochta amach anseo;
 - athrú go dtí iompar poiblí agus modhanna iompair is inmharthana a spreagadh agus na féidearthachtaí atá ann le haghaidh seirbhísí comhroinnte iompair poiblí thrasteorann i limistéir theorann; agus
 - Glasbhealaí trasteorann a fhorbairt.
- Ag Cruinniú Sláinte CATT i mí Aibreáin cuireadh in iúl do na hAirí go raibh dul chun cinn á dhéanamh ar an bpróiseas pleanála gnó don Aonad Radaiteiripe in Allt Mhic Dhuibhleacháin agus obair beagnach críochnaithe maidir le bailchríoch a chur ar Mheabhrán Tuisceana agus ar Chomhaontú Leibhéil Seirbhíse le haghaidh oibriú an aonaid. Ón gcruinniú sin i leith cuireadh bailchríoch ar chonarthaí agus cuireadh tús le hobair thógála ar an láthair i mí Iúil;
- I mí Feabhra, 2014 sheol Childlink feidhmchlár chun rochtain ar an Mol Cosanta Leanaí Thuaidh Theas a cheadú d'fhóin chliste agus do thaibléid;

- Tá an dá Roinn Talmhaíochta ag leanúint den dlúth-chomhoibriú maidir leis na roghanna beartais a eascraíonn as an athchóiriú ar CBT;
- Rinneadh Comh-Cheardlann ar Thearcghnóthachtáil Oideachais a reáchtáil in Ard Mhacha an 25 Márta 2014 agus comhaontaíodh tograí chun clár píolótach trasteorann a mheas, ar clár píolótach é a bhaineann le Forbairt Ceannaireachta agus a bhfuil grúpaí príomhoidí atá ann cheana féin sa dá dhlínse páirteach ann;
- Dámhadh an conradh don staidéar taighde uile-oileáin ar cheist an truailithe aeriompartha ó bhreoslaí soladacha a dhóitear sa bhaile, go háirithe gual toiteach;
- Tá an dá Roinn Fiontar agus InterTradelreland ag obair chun tacaíocht do ghníomhaíochtaí Taighde agus Nuálaíochta a spreagadh agus chun a aithint go bhfuil féidearthachtaí ann le haghaidh comhoibriú Thuaidh Theas chun íostarraingt maoinithe a mhéadú. Ag a gcruinniú i mí Eanáir d'fháiltigh na hAirí roimh bhunú Ghrúpa Stiúrtha *Fís 2020* agus roimh cheapadh chomhchathaoirleach TÉ do Chomhpháirtíocht Taighde agus Forbartha na Stát Aontaithe agus na hÉireann, ar forbairtí dearfacha iad araon sa réimse seo;
- Ag an gcruinniú de chuid Chláir Speisialta AE an 30 Bealtaine 2014 thuairiscigh an Foras um Chláir Speisialta AE go bhfuil an maoiniú go léir atá ar fáil faoi PEACE III agus INTERREG IV geallta anois;
- Táthar ag díriú sa dara céim den fheachtas ilmheánach tomhaltóirí, ina dtugtar aghaidh ar otracht óige, ar thábhacht na haclaíochta chun rómheáchan agus otracht i measc leanaí a chomhrac;
- Tá Scéim Saoránachta Ambasadóirí an Fheabhail forbartha ag Gníomhaireacht na Lochanna i gcomhar le Comhar Éireann. Is tionscadal píolótach ceannaireachta óige í seo ina dtugtar daoine óga ó cheann ceann na cathrach le chéile i gclár forbartha pearsanta agus saoránachta, arb é is téama dó na gníomhaíochtaí áineasa agus oideachasúla atá ar fáil ar an abhainn a chur chun cinn;
- Roghnaigh Foras na Gaeilge na sé cheanneagraíocht nua a thabharfaidh ar aghaidh na socruithe nua maoinithe chun a thosaíochtaí straitéiseacha a

sheachadadh, agus beidh na ceanneagraíochtaí sin ag feidhmiú ar bhonn uile-oileáin;

- Dhámh Gníomhaireacht na hUltaise os cionn £300k d'eagraíochtaí le déanaí chun ceol agus rince na hUltaise a chur chun cinn agus a sheachadadh;
- Tá an Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta agus an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta ag gabháil do phleananna chun athchóiriú a dhéanamh ar an gcuid de Chanáil Uladh a shíneann idir Loch Éirne Uachtair agus Cluain Eois; agus
- De réir figiúirí oifigiúla agus an dearcadh ghinearálta, ba dhearfach an bhliain 2013 ó thaobh an fháis a tháinig ar an turasóireacht. Deir formhór na ndaoine san earnáil gur éirigh go geal le Tóstal Éireann 2013 agus le Doire~Londonderry, Cathair Chultúir na Ríochta Aontaithe 2013. Tá aiseolas trádála agus tionscail i ndáil le hionchais i gcomhair 2014 agus i ndáil leis an dearcadh ginearálta dearfach ar an iomlán.

16. Thug na hAirí aitheantas chomh maith don obair atá ag dul ar aghaidh i ndáil le hathchóiriú ar Scéim Pinsean na gComhlachtaí Thuaidh Theas, lena n-áirítear leasuithe a ceadaíodh le déanaí chun a chinntiú go bhfuil an Scéim de réir na reachtaíochta fostaíochta agus an dea-chleachtais sa dá dhá dháil agus chun ranníocaíochtaí fostaithe a mhéadú.

FÓRAM COMHAIRLIÚCHÁIN THUAIDH THEAS

17. Thug na hAirí dá n-aire an cor reatha i dtaobh Fóraim Comhairliúcháin Thuaidh Theas.

CRUINNITHE CATT SA TODHCHAÍ

18. D'fhaomh an Chomhairle sceideal de chruinnithe CATT a mhol an Chomhrúnaíocht, lena n-áirítear Cruinniú Institiúideach de chuid CATT san

Fhómhar, 2014 agus an chéad Chruinniú Iomlánach eile de chuid CATT i mí na Nollag, 2014.

An Chomhrúnaíocht

3 Deireadh Fómhair 2014

IARSCRÍBHINN A

CRUINIÚ DE CHUID NA COMHAIRLE AIREACHTA THUaidh THEAS CAISLEÁN BHAILE ÁTHA CLIATH – 3 DEIREADH FÓMHAIR 2014

Rialtas na hÉireann	Feidhmeannacht Thuaisceart Éireann
Éanna Ó Coinnigh TD Taoiseach	An Ró-Onórach Peter Robinson MLA Céad-Aire
Siobhán de Bhurtúin TD Tánaiste agus Aire Coimirce Sóisialaí	Martin McGuinness MLA LeasChéad-Aire
Micheál Ó Nuanáin TD Aire Airgeadais	Stephen Farry MLA Aire Fostaíochta agus Foghlama
Séamus Ó Raghallaigh TD Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige	Arlene Foster MLA Aire Fiontar, Trádála agus Infheistíochta
Cathal Ó Flannagáin TD Aire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála	Simon Hamilton MLA Aire Airgeadais agus Pearsanra
Pascal Ó Donnchú TD Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt	Carál Ní Chuilín MLA Aire Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta
Heather Mhic Unfraidh TD Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta	John O'Dowd MLA Aire Oideachais
Damien Inglis TD Aire Stáit um Scileanna, Taighde agus Nuálaíocht	Michelle O'Neill MLA Aire Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe
Gearalt de Nais TD Aire Stáit um Ghnóthais Bheaga agus Cómhargáil	Jim Wells MLA Aire Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteachta Poiblí
Áine Uí Fhaoláin TD Aire Stáit um Fhorbairt Eacnamaíoch Tuaithe agus Iompar Tuaithe	Jonathan Bell MLA Aire Sóisearach, Oifig an Chéad-Aire agus an LeasChéad-Aire
	Jennifer McCann MLA Aire Sóisearach, Oifig an Chéad-Aire agus an LeasChéad-Aire